Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Aibreán 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0207(COD)

6833/1/20
REV 1 ADD 1

JAI 240
INF 238
CADREFIN 35
FREMP 23
DROIPEN 130
COPEN 394
JUSTCIV 160
CODEC 186
PARLNAT 156

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 19 Aibreán 2021 |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 30 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár um Chearta agus Luachanna don tréimhse 2021-2027[1].

2. Cuireadh tús leis an scrúdú ar an togra i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus tugadh chun críche é i mí na Nollag. An 19 Nollaig 2018, thug COREPER sainordú páirteach le haghaidh caibidlíochta[2]. Ó tharla go bhfuil an Rialachán atá beartaithe ar cheann de na pacáistí de thograí a bhaineann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (dá ngairtear anseo feasta: CAI), cuireadh gach foráil lena mbaineann impleachtaí buiséadacha nó de chineál cothrománach ar leataobh, ag feitheamh ar dhul chun cinn breise maidir le CAI.

3. An 20 Feabhra 2019, dheonaigh Coreper síneadh leis an sainordú páirteach, rud a cheadaigh caibidlíocht a dhéanamh ar na forálacha, na haithrisí agus na gníomhaíochtaí atá nasctha leis an tsraith nua maidir le luachanna an Aontais a mhol Parlaimint na hEorpa.

4. Eagraíodh ceithre cinn de chruinnithe tríthaobhacha an 22 Eanáir, an 5 Feabhra, an 20 Feabhra agus an 6 Márta 2019, agus bhí roinnt cruinnithe teicniúla agus seisiúin dréachtaithe ann roimh na cruinnithe sin. Laistigh den Chomhairle, eagraíodh trí chruinniú den Mheitheal Ad Hoc maidir le hIonstraimí Airgeadais CGB, a bhí ar siúl an 1, an 15 agus an 28 Feabhra 2019, chun na Ballstáit a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn na caibidlíochta agus chun aiseolas a fháil uathu.

5. A bhuí leis an gcaibidlíocht sin, bhíothas in ann teacht ar chomhthuiscint le Parlaimint na hEorpa[3] maidir leis na codanna den togra nach bhfuil idir lúibíní, ar tugadh sainordú don Uachtaránacht ina leith. Leagtar amach toradh na caibidlíochta sin in 7249/1/19. An 13 Márta 2019, dhearbhaigh Coreper an chomhthuiscint ar thángthas uirthi le Parlaimint na hEorpa.

---

[1] 9605/1/18 REV 1
[2] 15347/18
[3] 7249/1/19

6. Dhearbhaigh Parlaimint na hEorpa an chomhthuiscint an 17 Aibreán 2019, trína rún reachtach a ghlacadh (an chéad léamh).

7. An 16 Samhain 2020, scrúdaigh Coreper an comhaontú polaitiúil sealadach ar tháinig na hidirbheartaithe air maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Chuir sé sin ar chumas Coreper sainordú iomlán na caibidlíochta maidir leis an gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (leasaíodh teideal an chláir le linn chaibidlíocht 2019 le Parlaimint na hEorpa) a ghlacadh, an 2 Nollaig 2020.

8. Tionóladh dhá chruinniú thríthaobhacha eile an 10 agus an 17 Nollaig 2020. Thángthas ar chomhaontú polaitiúil sealadach le Parlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2020.

9. Idir an dá linn, an 17 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle go foirmiúil gnéithe éagsúla phacáiste CAI.

10. An 3 Feabhra 2021, rinne Coreper anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach agus thacaigh sé leis.

11. An 4 Feabhra 2021, sheol Cathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile litir chuig Cathaoirleach Coreper (Cuid 2), lenar dearbhaíodh comhaontú Pharlaimint na hEorpa maidir le toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí (faoi réir fíorú dlítheangeolaíoch ag an dá institiúid).

12. An 17 Feabhra 2021, tháinig Coreper ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an téacs comhréitigh.

## II. CUSPÓIR

13. Is é is aidhm don Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna cearta agus luachanna atá cumhdaithe i gconarthaí an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn chun sochaithe oscailte, daonlathacha agus cuimsitheacha a chothú. Sa togra ón gCoimisiún, bhí trí chuspóir shonracha aige: (i) comhionannas agus cearta a chur chun cinn (comhionannas inscne, frith-idirdhealú, cearta leanaí), (ii) ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais a chur chun cinn (an tsraith do Ról agus Rannpháirtíocht na Saoránach) agus (iii) foréigean a chomhrac, go háirithe i gcoinne leanaí agus ban (an tsraith Daphne). Cuireadh isteach an ceathrú cuspóir, tar éis na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa a raibh sé mar chuspóir aige luachanna an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn (an tsraith do luachanna an Aontais).

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

***Sraith nua***

14. Tugadh isteach an ceathrú sraith nua (luachanna an Aontais), sa bhreis ar na trí cinn atá ann cheana (an tsraith do Chomhionannas agus do Chearta, an tsraith do Ról agus do Rannpháirtíocht na Saoránach agus an tsraith Daphne). Tá sé i gceist leis an tsraith seo, go háirithe, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn. Tá na gnéithe sin bunriachtanach chun muinín na saoránach as an Aontas a chothú agus chun muinín fhrithpháirteach a áirithiú i measc na mBallstát. Ar an gcaoi seo, rannchuideoidh an Clár le hAontas níos daonlathaí a thógáil agus a fhorbairt, le meas ar an smacht reachta agus ar an idirphlé daonlathach, ar an trédhearcacht agus ar an dea-rialachas.

15. Áirithítear leis an maoiniú breise a chuirtear ar fáil tríd an leithdháileadh breise go ndéantar an tsraith do luachanna an Aontais a mhaoiniú go leordhóthanach, agus nach mbaintear an bonn de chur chun feidhme cuí na dtrí shraith eile.

*Leithdháileadh na gCistí*

16. Agus breis is dúbailt déanta ar shuim an imchlúdaigh airgeadais tosaigh, tríd an méadú de bharr an leithdháilte bhreise, gheobhaidh an clár maoiniú leordhóthanach. Le leithdháileadh na gcistí i measc na gceithre shraith den chlár, caitear suim an-suntasach EUR 689.5 milliún (i bpraghsanna reatha) ar an tsraith nua do Luachanna an Aontais, agus leagtar amach ann na coinníollacha bunúsacha chun cistiú a fháil cheana féin in 2021 – dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, á iarraidh ar an gCoimisiún gach gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun an cuspóir sin a bhaint amach. Ag an am céanna, fágtar EUR 91.2 milliún de 'mhéid solúbthachta' (i bpraghsanna reatha) gan sonrú, ionas go mbeifear in ann dul i ngleic le haon riachtanais a thiocfaidh chun cinn.

*Cur in áirithe agus cur chun feidhme*

17. Chun mórthosaíochtaí beartais a aibhsiú, tugadh cur in áirithe teoranta isteach laistigh de gach sraith. An tráth céanna, chun cur chun feidhme fónta agus an cumas freagairt ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo a áirithiú, méadaíodh an lamháil solúbthachta atá ag an gCoimisiún imeacht gach bliain ón gcur in áirithe sin ó chúig go deich faoin gcéad. Ar an gcaoi chéanna, dearbhaíodh gur trí ghníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar an clár oibre bliantúil.

## IV. CONCLÚID

18. Léirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa. Dearbhaíodh an méid sin sa litir thuasluaite ó Chathaoirleach an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de chuid Pharlaimint na hEorpa, agus d'fhormhuinigh Coreper ina dhiaidh sin é an 17 Feabhra 2021.